Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11915/23**
**ADD 1**

**ENV 869**
**COMER 93**
**MI 627**
**ONU 49**
**SAN 459**
**IND 400**
**DELACT 102**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 4683 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le táirgí ar cuireadh mearcair leo atá faoi réir toirmisc ar mhonarú, allmhairiú agus onnmhairiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 4683 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 4683 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2023
C(2023) 4683 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le táirgí ar cuireadh mearcair leo atá faoi réir toirmisc ar mhonarú, allmhairiú agus onnmhairiú**

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

Leasaítear Cuid A d'Iarscríbhinn II mar a leanas:

(1) cuirtear isteach an iontráil 3a seo a leanas:

| **Táirgí ar cuireadh mearcair leo** | **An dáta óna mbeidh toirmeasc ar mhonarú, allmhairiú agus onnmhairiú na dtáirgí ar cuireadh mearcair leo** |
|---|---|
| '3a. Dlúthshoilse fluaraiseacha a bhfuil ballasta comhtháite iontu (CFL.i) chun críoch soilsithe ghinearálta ≤ 30 vata ina bhfuil cion mearcair nach mó ná 2,5 mg in aghaidh an dóire lampa. | 31.12.2025'; |

(2) cuirtear isteach an iontráil 6a seo a leanas:

| **Táirgí ar cuireadh mearcair leo** | **An dáta óna mbeidh toirmeasc ar mhonarú, allmhairiú agus onnmhairiú na dtáirgí ar cuireadh mearcair leo** |
|---|---|
| '6a. Na lampaí fluaraiseacha catóide fuaire (CCFLanna) agus lampaí fluaraiseacha leictreoide seachtraí (EEFLanna) den uile fhad le haghaidh taispeántais leictreonacha, nach n-áirítear in iontráil 6. | 31.12.2025'; |

(3) cuirtear isteach na hiontrálacha 10 agus 11 seo a leanas:

| **Táirgí ar cuireadh mearcair leo** | **An dáta óna mbeidh toirmeasc ar mhonarú, allmhairiú agus onnmhairiú na dtáirgí ar cuireadh mearcair leo** |
|---|---|
| '10. Na feistí tomhais leictreacha agus leictreonacha seo a leanas seachas na cinn siúd atá suiteáilte i dtrealamh mórscála nó iad siúd a úsáidtear le haghaidh tomhas ardchruinnis i gcás nach bhfuil gléas oiriúnach atá saor ó mhearcair le fáil:<br><br>(a) trasduchtóirí brú leáite;<br>(b) tarchuradóirí brú leáite;<br>(c) braiteoirí brú leáite. | 31.12.2025 |

| | |
|---|---|
| 11. Táirgí eile ar cuireadh mearcair leo:<br><br>(a) Folúschaidéil mearcair;<br>(b) Cothromóirí boinn agus meáchain rotha;<br>(c) Scannán agus páipéar fótagrafach;<br>(d) Tiomántán le haghaidh satailítí agus spásárthaí; | 31.12.2025’. |